Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Matamaitic

Eispéireas Foghlaim Ghairmiúil (EFG) 2026-2027

Leanúnachas agus Aistriú: Príomhinniúlachtaí a chothú san Idirbhliain chun tacú le rannpháirtíocht scoláirí san Ardteistiméireacht



CC BY NC

An tEolas is Déanaí Maidir le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí




Faomhadh Dréachtsonraíocht Matamaitice na hArdteistiméarachta le haghaidh chomhairliúcháin poiblí .

Tréimhse an chomhairliúcháin:

20ú Lúnasa - 18ú Samhain 2026

Bíodh cead cainte agaibh:

Acmhainní Tacaíochta



https://tinyurl.com/EFG-Mata-2627

Píosaí den Phuzal



Rogha 1: Dúshlán Luastógála

Bain úsáid as tacar tangraim. Athchruthaigh scáthchruth amháin. Agus tú réidh, socraigh ar *Cad a d'fhág go raibh sé furasta nó casta?*

Rogha 2: Cruthaigh Siombail do Scoile

Bain úsáid as píosaí tangraim chun cruth a dhéanamh a léiríonn do scoil. Thiocfadh leis éiteas, scoláirí, ábhair, nó "an t-atmaisféar" a léiriú.

Rogha 3: Bua ag an gCruth is Gasta

Bain úsáid as na 7 bpíosa ar fad chun cearnóg fhoirfe (nó dronuilleog) a dhéanamh. An féidir le duine ar bith ag an tábla an dóigh a bhfuil a fhios agat go bhfuil sé ceart a mhíniú?

Ag amharc chun tosaigh, seo an méid a dhéanfaimid…….

Seisiún 1

Fiosróidh muid réasúnaíocht, aidhmeanna agus Gnéithe Scoláire i Matamaitic IB, agus pléifidh muid an dóigh ar féidir le táscairí forbartha agus éispéiris scoláire tacú le haistriú na scoláirí isteach chuig foghlaim na sraithe sinsearaí.

Seisiún 2

Fiosróidh muid an dóigh ar féidir leis na Gnéithe Curaclaim eolas a dhéanamh do dhearadh na micreamhodúl i Matamaitic IB agus pléifidh muid Oideachas le haghaidh Saoránacht Dhomhanda mar chomhthéacs fiúntach foghlama.

Seisiún 3

Déanfaidh muid imscrúdú ar chuir chuige do Mhatamaitic IB a spreagann dúshlán, rannpháirtíocht, agus smaointeoireacht chruthaitheach trí úsáid a bhaint as léirithe amhairc agus teicneolaíocht dhigiteach chun tacú le rannpháirtíocht agus samhaltú matamaiticiúil.

Príomhtheachtaireacht

Tugtar deis luachmhar san idirbhliain chun leanúnachas agus dul chun cinn a fhiosrú, cuireann na scoláirí lena gcuid foghlama ón tsraith shóisearach agus téann siad i ngleic le príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí trí fhiosrú, trí shamhaltú agus trí úsáid fhiúntach a bhaint as uirlisí teicneolaíochta.



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Seisiún 1


Seo an méid a dhéanfaidh muid:

- Fiosróidh muid an réasúnaíocht agus na haidhmeanna atá ag Matamaitic na hIdirbhliana chun tacú le haistriú na scoláirí isteach chuig foghlaim na sraithe sinsearaí.
- Forbróidh muid tuiscint ar na gnéithe scoláire trí dhul i ngleic le táscairí forbartha agus éispéiris scoláire, agus pléifidh muid an dóigh ar féidir iad a léiriú i Matamaitic IB.

CC BY NC

Contanam Foghlama







Blianta sa Bhunscoil

An tSraith Shóisearach

An tSraith Shinsearach

Leanúnachas

Stad chun Machnamh

Cén cineál foghlaimeoirí matamaitice ba mhaith liom a dhéanamh as mo scoláirí IB, agus cé chomh maith is atá mo chleachtas chun tacú leis sin?

Príomhinniúlachtaí sa tsraith Shinsearach





(NCCA, 2024)

Réasúnaíocht Chlár IB

Soláthraíonn an IB …

"…. am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire ….."

Cuireann an clár …

"..ar chumas na ndaoine óga acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil, chun suimeanna pearsanta a chothú agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí."

Tacaíonn an IB…

"le gach uile scoláire le forbairt ina ndaoine níos oiriúnaithí comhbháiche inniúla athléimní; tréithe a fheictear i bpobal na scoile…"



(ROÓ, 2024)

Aidhmeanna Chlár IB

Forbairt an Duine Iomláin

- ✓ Tacú le fás pearsanta, sóisialta agus mothúchánach
- ✓ Tógáil ar eispéiris foghlama roimhe seo

Eispéiris Foghlama Bhríocha

- ✓ Spás agus deiseanna a chruthú le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha.
- ✓ Príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil & sa bhaile.

Conairí Todhchaí agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil

- ✓ Gairmeacha agus roghanna breisoideachais a fhiosrú
- ✓ Neamhspleáchas agus scileanna foghlama ar feadh an tsaoil a chothú.


Feabhsú Leanúnach agus Comhoibriú

- ✓ Forbairt trí mhachnamh agus aiseolas
- ✓ Scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus an pobal a bheith rannpháirteacht



(ROÓ, 2024)

Ráiteas an Chláir Idirbhliana




Gnéithe Scoláire

Gnéithe Curaclaim



(ROÓ, 2024)

Gnéithe Scoláire



Fás Pearsanta

A bheith i d'Fhoghlaimeoir

Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

Taighde Gairme



(ROÓ, 2024)

Na táscairí forbartha agus na heispéiris scoláire

Tá na táscairí forbartha ceaptha leis an scoláire agus an scoil a threorú agus leis na paraiméadair a leagan síos d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an scoláire le linn na IB

Tá na heispéiris scoláire ceaptha le héagsúlacht de dheiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláire a bheadh ag teacht leis na táscairí forbartha.



(ROÓ, 2024)


Foghlaimeoirí i gCleachtas

Sortáil an sampla de 10 dtáscaire forbartha i dtrí chatagóir de réir mar a bhaineann siad le scoláirí i do chomhthéacs:

- Iontach soiléir (3)
- Leathshoiléir (4)
- Gan a bheith soiléir an oiread sin (go fóill) (3)

Maidir leis na 3 cinn ag an mbun, cé acu is tábhachtaí ach atá neamhfhorbartha i do chomhthéacs faoi láthair?

Cad é dóigh bheag réalaíoch amháin a d'fhéadfadh do roinn tús a chur leis sin a thabhairt isteach in eispéireas na scoláirí?




Dúshlán maidir le Dearadh Cliste


1. Cé acu táscairí forbartha IB a thacaíonn leis an eispéireas sin?

2. Roghnaigh próifíl foghlaimeora **amháin**:

a) Cad iad na bacainní chun foghlama don scoláire sin?

b) Cad é mar a sháródfá iad agus cad iad na straitéisí teagaisc a n-éascódh sin?





Timpeallán na Spéire Goirme

Oide


A bheith i d'Fhoghla-imeoir

Taighde Gairme

Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

Fás Pearsanta





- ✓ Sna grúpaí, bog thart ar deiseal trí gach stáisiún sa timpeallán.
- ✓ Ag gach stáisiún, cruthaigh agus taifead smaointe maidir le heispéireas scoláirí a bhaineann le gach gné scoláirí a d'fhéadfá a dhearadh do do chomhthéacs Matamaitice san IB.



Tacaíocht

Déan teagmháil linn

postprimarymaths@oide.ie

@Oide_PPmaths



Cláraigh ar ár liosta seachadta

tinyurl.com/oidemaillist

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Sesiún 2


Seo an méid a dhéanfaidh muid:

- Tuiscint a fhorbairt ar na Gnéithe Curaclaim agus ar a ról chun eolas a dhéanamh do dhearadh na micreamhodúl do Mhatamaitic IB.
- Dul i ngleic le hOideachas le haghaidh Saoránacht Dhomhanda mar théama I gcomhthéacs Matamaitice san IB.

CC BY NC

Micrea-Mhodúl a Thógáil







Pleanáil le Gnéithe Curaclaim

Oide

Comhpháirteanna
Réimse Leathan
Cothrom d'Eispéiris

Teagasc agus Measúnú
Cleachtas
Oideolaíoch

Aithint agus Tuairisciú
Foghlaim agus
Gnóthachtáil
Scoláirí

Machnamh agus Athnuachan
Cumasaíonn sé
Éabhlóid

Teagasc agus Measúnú

Tugann an IB an deis do mhúinteoirí le bheith nuálach i dtaca le deiseanna leathana ardchaighdeáin teagaisc agus measúnaithe a cheapadh agus a chur ar fáil chun tacú le foghlaim an scoláire.



(ROÓ, 2024)

Teagasc agus Measúnú: Cleachtais Ranga Aonair

Oide

Cuir chuige iomchuí atá scoláire-lárnach.

Ag pleanáil ar mhaithe le deiseanna foghlama chun tacú le gach scoláire.

Acmhainní iomchuí a ullmhú agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid.

Deiseanna do na scoláirí chun bheith ag obair ar thascanna sínte, amhail tionscadail agus comórtais.

Comhoibriú idir scoláirí atá fíor agus fiúntach, laistigh de na comhpháirteanna IB agus ar fud na gcomhpháirteanna IB araon.

Critéir ratha a chruthú agus a roinnt le scoláirí chun piarmheasúnú agus féinmheasúnú a chumasú.

Úsáid a baint as modhanna éagsúla measúnaithe chun críocha suimitheacha agus foirmitheacha.

Deiseanna do scoláirí a bheith rathúil laistigh de agus ar fud na gcomhpháirteanna curaclaim.

Aiseolas cuiditheach agus tráthúil ó mhúinteoirí, a tugadh chun foghlaim agus forbairt a fheabhsú.

Ceistiú éifeachtach agus deiseanna do scoláirí chun aiseolas a thabhairt agus a úsáid.



(ROÓ, 2024)

Machnamh a Dhéanann Eolas don Phleanáil.

Cuir chuige iomchuí atá scoláire-lárnach.

Ag pleanáil ar mhaithe le deiseanna foghlama chun tacú le gach scoláire.

Acmhainní teicneolaíoc

Deiseanna do obair ar th tionscad

Comhoibriú idir scoláirí atá fíor agus fiúntach, laistigh de na comhpháirteanna IB agus ar fud na gcomhpháirteanna IB araon.

Critéir ratha a chruthú agus a roinnt le scoláirí chun piarmheasúnú agus féinmheasúnú a chumasú.

Úsáid a baint as modhanna éagsúla measúnaithe chun críocha suimitheacha a.

eith rathúil d na claim.

tráthúil ó mhúinteoirí, a tugadh chun foghlaim agus forbairt a fheabhsú.

Ceistiú éifeachtach agus deiseanna do scoláirí chun aiseolas a thabhairt agus a úsáid.

Ar mhachnamh duit, cé acu seo is soiléire i do chleachtas teagaisc féin? ?



(ROÓ, 2024)

Téama do Mhatamaitic IB.

Oideachas le haghaidh Saoránacht Dhomhanda (OSD):

- Nasctar ceisteanna domhanda agus áitiúla maidir le ceartas.

- Fiosraítear foinsí na faidhbe

- Cuirtear ar a gcumas do na scoláirí:
  - ✓A bheith ag smaoineamh go criticiúil.
  - ✓Comhbhá a bheith acu.
  - ✓Córais dhomhanda atá éagórach a cheistiú.
  - ✓Gníomh fiúntach a dhéanamh.



Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: Spreagadh don Oideachas le haghaidh Saoránacht Dhomhanda



Source: THE 17 GOALS | Sustainable Development

Ag díriú ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI), cén chuma a bheadh ar rannpháirtíocht leis sin i do sheomra ranga matamaitice?

Cad é mar is féidir leis an SFI tacú le foghlaim thraschuraclaim atá fiúntach san Idirbhliain?

Micrea-Mhodúl: Téama don Oideachas le haghaidh Saoránacht Dhomhanda

Oide

Tomhas agus am:

Déan do lorg carbóin nó do lorg bia a ríomh agus smaoinigh air maidir le sonraí áitiúla agus domhanda.

Cóimheas agus Codáin:

Déan comparáid idir an chuid d'fhuinneamh a ghintear le foinsí inathnuaite vs breosla iontaise i dtíortha éagsúla.

Airgead agus Airgeadas:

Déan na costais agus na coigiltí a bhaineann le haistriú chuig teicneolaíochtaí glasa a ríomh.



Cad é mar is féidir le matamaitic cuidiú linn chun athrú aeráide a thuiscint agus chun dul i ngleic leis?

Réitigh a Dhearadh:

Bain úsáid as áirimh mhatamaitice chun scoil neodrach nó sráidbhaile éiceolaíoch a cheapadh.

Sonraí a Shamhaltú:

Déan samhail de threochtaí aeráide agus astaíochtaí le himeacht ama.


Ag Obair le Sonraí:

Fiosraigh táscairí aeráide amhail teocht agus astaíochtaí carbóin le himeacht ama.

Foinsí Sonraí: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda, Sonraí na Náisiúin Aontaithe



Téama OSD: Gníomhú ar Son na hAeráide



13 CLIMATE ACTION

Ag obair le sonraí

Táscairí aeráide a fhiosrú amhail le teocht agus astaíochtaí carbóin le himeacht ama

Arna chur in oiriúnt ag AMSP

Micreamhodúil: Ó Fhís go Gníomh

Oide

Cuir chuige i leith an Mheasúnaithe.


Gnéithe Scoláire

Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Réasúnaíocht agus Aidhm

Torthaí Foghlama


Méid Ama



Pleanáil don Ghníomh

Ag obair i ngrúpaí:

- ✓ Roghnaigh Sprioc Forbartha Inbhuanaithe nó smaoineamh ón ngníomhaíocht rothlach i Seisiún 1.
- ✓ Déan plean as do mhicreamhodúl.
- ✓ Coinnigh taifead ar do phlean.



Ceannlínte a Roinnt

Oide

Cainteoir 1

- ✓ Gnéithe Scoláire
- ✓ Réasúnaíocht agus Aidhm
- ✓ Méid ama

Cainteoir 2

- ✓ Torthaí Foghlama
- ✓ Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire
- ✓ Cuir chuige i leith an Mheasúnaithe.



Réimse Tacaíochtaí

EFGanna ar feadh Laethanta Iomlána

Cuairteanna Tacaíochta ar Scoileanna

EFGanna ar líne




Imeachtaí Comhoibríocha

Scoilnet.ie

Oide.ie

Seachtain Mhata10ú – 18ú Deireadh Fómhair



https://tinyurl.com/Maths-Week-Resources

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


Seisiún 3

Seo an méid a dhéanfaidh muid:

- Fiosróidh muid cuir chuige don seomra ranga i Matamaitic IB a chothaíonn dúshlán, rannpháirtíocht, agus smaointeoireacht chruthaitheach.
- Cuirfidh muid léirithe amhairc i bhfeidhm chun rannpháirtíocht a fheabhsú agus chun scoláirí a spreagadh chun fadhbanna a chruthú.
- Déanfaidh muid teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú mar uirlis chognaíoch chun tacú le samhaltú matamaiticiúil.

CC BY NC

Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí



Folláine agus caidreamh

Rogha agus solúbthacht

Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht

Leanúnachas agus aistrithe

Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht


Rannpháirtíocht agus saoránacht

Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol

Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí

Comhchleachtais

Is iad na saintréithe a bhaineann leis an teagasc agus measúnú ar feadh an chláir IB trí chéile ná:…eispéiris a sholáthar atá dúshlánach tarraingteach, agus ar féidir leo an smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, agus ar fud churaclam na IB..



(ROO, 2024)

Guth an Mhúinteora

Cén smaoineamh ón bhfíseán seo nó ón bplé a rinne tú a chuirfeá in oiriúint do do chleachtas féin?

An Dúshlán ‘Isteach-is-Amach’











An Dúshlán

An Nochtadh Mór…





Arna curtha in oiriúnt ó Robertkaplinksy.com



Oideolaíocht – Ag Tacú le Leanúnachas agus le hAistriú

‘Is próiseas atá san samhaltú matamaiticiúil ina mbaintear úsáid as an mhatamaitic chun léiriú, anailísiú, tuartha a dhéanamh nó léargas eile a thabhairt maidir le feiniméin ón bhfíorshaol. ’

Society for Industrial and Applied Mathematics (SIAM) (2016)



Samhaltú i nGníomh

Sleamhnáin, Luascáin agus Nithe Samhaltaithe




Foinse: Amplify Classroom | Amplify

Cad é mar a thacaíonn an tasc seo le dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht i seomra ranga matamaitice na hIdirbhliana?

Ag úsáid áireamháin ghrafaigh

An féidir leat smaoineamh ar théama do mhicreamhodúil i Matamaitic IB a d'fhéadfadh na tascanna seo tacú leis?



Guth an Scoláire

Cad a sheasann amach maidir leis an eispéireas a bhíonn ag scoláirí ar fhoghlaim fhiúntach na matamaitice?

Machnamh agus Na Chéad Chéimeanna Eile:

Cad é an príomhléargas nó an fhoghlaim a thabharfaidh mé liom ón lá inniu isteach chuig mo chleachtas sa seomra ranga?

Cad é réimse ar leith amháin de mo chleachtas ba mhaith liom a fhorbairt sna míonna amach romhainn?



Réimse Tacaíochtaí

EFGanna ar feadh Laethanta Iomlána

Cuairteanna Tacaíochta ar Scoileanna

EFGanna ar líne



Imeachtaí Comhoibríocha

Scoilnet.ie

Oide.ie

Tacaíocht

Déan teagmháil linn

postprimarymaths@oide.ie

@Oide_PPmaths



Cláraigh ar ár liosta seachadta

tinyurl.com/oidemaillist

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Míle Buíochas

CC BY NC